

Post oscailte

Caomhnóir Réad/Coisctheach

Coimeádaí Cúnta Grád II, Lánaimseartha, Post Buan

—
Páirc Thurlaigh, Co. Mhaigh Eo

Dáta Deiridh le haghaidh Iarratais

An Aoine 23 Deireadh Fómhair 2026

...

Ní mór iarratais a bheith faighte tráth nach déanaí ná 17:00. Tabhair do d'aire nach nglacfar le foirmeacha iarratais déanacha. Cloífead leis an dáta agus an t-am go docht, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaighfear an t-iarratas roimh an spriocdháta.

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post mar **Chaomhnóir Réad/Coisctheach (Coimeádaí Cúnta Grád II) in Ard-Mhúsaem na hÉireann a líonadh**, a bheidh lonnaithe in Ard Mhúsaem na hÉireann, Páirc Thurlaigh. Is conradh lánaimseartha buan é seo. Beidh agallaimh oscailte iomaíocha á reáchtáil chun an post seo a líonadh.

Cur Síos Gairid ar an bPost

Beidh sealbhóir an phoist ina bhall foirne sa Roinn Caomhnaithe agus oibreoidh sé/sí go dlúth le comhghleacaithe caomhnaithe, ar fud láithreáin mhúsaeim, / tá formhór na foirne lonnaithe i gceanncheathrú an mhúsaeim, Dún Uí Choileáin. Beidh sealbhóir an phoist lonnaithe go príomha i Músaem Shaol na Tuaithe ach oibreoidh sé/sí ar fud láithreáin uile an Mhúsaeim de réir mar a cheanglaítear leis an bpost.

Tá bailiúcháin de thart ar 40,000 réad i seilbh Rannán Shaol na Tuaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann agus tá sé lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Páirc Thurlaigh, Co. Mhaigh Eo, le háiseanna stórála tánaisteacha san Ionad Acmhainní Bailiúcháin (CRC), Co. Bhaile Átha Cliath agus sa Daingean, Co. Uíbh Fhailí. Tá an post seo mar chuid de Roinn Caomhnaithe Ard-Mhúsaem na hÉireann agus is é an aidhm atá leis ná tacaíocht chaomhnaithe a sholáthar do bhailiúcháin Rannán Shaol na Tuaithe sna láithreacha seo.

Táthar ag súil go mbeidh oiliúint agus taithí ag sealbhóir an phoist i ndisciplín caomhnaithe réad a bhaineann le bailiúcháin Shaol na Tuaithe Éireann agus go mbeidh taithí shuntasach acu i gCaomhnú coisctheach agus i gCúram Bailiúcháin. Beidh súil go ndéanfaidh sealbhóir an phoist caomhnú praiticiúil leigheasach ar dhéantáin laistigh dá réimse speisialtóireachta agus caomhnú coisctheach ar fud gach réimse agus suíomh bailiúcháin Shaol na Tuaithe, agus maoirseacht a dhéanamh ar obair bhaill foirne eile, oibrithe deonacha, conraitheoirí agus intéirneach i gcúrsaí cúram bailiúcháin agus tionchar a imirt uirthi.

TREORACHA AN IARRATAIS

Cuirtear iarratais isteach ar an rannán folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Is gá d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chumhdaigh a chur isteach. **[Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.](#)**

Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

[Céimeanna le leanúint chun iarratas a dhéanamh:](#)

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le haghaidh d'iarratais le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Lión amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** mar aon le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin an Ard-Mhúsaem chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach Folúntais, aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an tseiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **seoladh ríomhphoist bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

Spriocdháta le haghaidh Iarratas

**Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00
An Aoine 23 Deireadh Fómhair 2026**

Tabhair do d'aire nach nglacfar le foirmeacha iarratais déanacha. Cloífeadh leis an dáta agus an t-am go docht, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaighfear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú iarrthóirí mar thoradh ar chanbhasáil.**